


Timthriall na Foghlama ó Thaithí

Cuireann Timthriall na Foghlama ó Thaithí creat tábhachtach ar fáil chun pleanáil a dhéanamh don fhoghlaim fhiúntach in OSPS.

Tá ceithre chéim i dtimthriall na foghlama ó thaithí mar atá léirithe thíos:



Tosaíonn an timthriall agus an scoláire páirteach go gníomhach in eispéireas foghlama a spreagfaidh machnamh. Is féidir 'An Crúca' a thabhairt ar an eispéireas foghlama seo. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis

- gearrthóg físe
- scéal nó cás téacsbhunaithe
- roinnt torthaí taighde a bhaineann le saol daoine óga
- gníomhaíocht rangaithe/tosaíochta
- gníomhaíocht fadhbréitigh
- díospóireacht siúil
- amhrán
- dán
- tráth na gceist

agus go leor eile!

Sna trí chéim a leanann, déanann an scoláire machnamh ar an eispéireas foghlama, déanann sé/sí an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin topaic a oiriúnú agus/nó a dhoimhniú mar thoradh ar a gcuid machnaimh agus ar deireadh, socraíonn siad conas is féidir an tuiscint agus/nó an scil nua seo a úsáid ina saol.

Cuireann Timthriall na Foghlama ó Thaithí ar chumas scoláirí freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin toisc go n-iarrann sé orthu machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin, teacht ar chonclúidí agus cinneadh a dhéanamh ar conas is féidir leo an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar a saol féin.

Is féidir Timthriall na Foghlama ó Thaithí a chur i gcrích i rang amháin. Is dóichí, áfach, go dtarlóidh sé thar roinnt ranganna. Go rómhinic, is féidir an dá chéim dheireanacha de Thimthriall Foghlama ó Thaithí a chailleadh. Sna céimeanna seo, sainaithníonn scoláirí dóibh féin, cén difríocht a chiallaíonn an fheasacht, an tuiscint nó an scil nua seo dóibh agus conas a d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar an méid a dhéanann siad ina dhiaidh sin. Nuair a chailleann an scoláire amach ar na céimeanna deiridh, is féidir luach an eispéiris foghlama tosaigh agus cumhacht na foghlama ó thaithí a laghdú go suntasach nó a chur ar neamhní ar fad.

Feidhmíonn an múinteoir OSPS mar éascaitheoir foghlama a thacaíonn leis an scoláire agus é/í á threorú de réir mar a chruthaíonn sé/sí a mbrí féin ag eascairt as an eispéireas gníomhach foghlama a bhí acu.

Timthriall na Foghlama ó Thaithí

Timthriall na Foghlama ó Thaithí i gcleachtas

Sa sampla seo a leanas, úsáidtear Timthriall na Foghlama ó Thaithí chun tús eolais ar an toiliú a éascú leis an chéad bhliain.

Ag deireadh dhá rang, beidh sé ar chumas an scoláire

- ainmhíniú a thabhairt ar cad is brí le toiliú
- cleachtadh a dhéanamh ar an scil a bhaineann le toiliú a thabhairt agus a dhiúltú i gcásanna éagsúla.

Taithí Nithiúil

Déan ransú smaointe ar an 'Cad is toiliú ann?'

Má chiallaíonn toiliú cead a thabhairt, bheith ar aon intinn, cad iad na hamanna difriúla inár saol laethúil a n-iarrtar orainn ár dtoiliú?

Cad a bhíonn ag tarlú nuair a bhíonn tú féin nó duine éigin ag tabhairt toiliú i gcásanna laethúla?
Cad atá á rá acu, cad atá ar siúl acu?

Cén chuma atá air agus cad atá á rá acu nuair nach bhfuil siad ag tabhairt toilithe?

Nuair a bhíonn toiliú á thabhairt agat, cad a chabhróidh chun toradh rathúil a bheith agat?
Smaoinigh ar an méid a deir tú, cad a dhéanann tú (comharthaíocht choirp) agus cad atá tú ag smaoineamh?

Cuimhnigh ar na nithe céanna agus toiliú á dhiúltú agat.

I ngrúpaí de cheathrar, cuimhnigh ar na cásanna seo (nó cuir do chuid féin leis)

- Duine éigin ag iarraidh do ghuthán a fháil ar iasacht
- Duine éigin ag iarraidh do húdaí nua a fháil ar iasacht
- Duine nach maith leat ag iarraidh ort ligean dó nó di tú a leanúint ar Instagram
- Grúpa cairde ag iarraidh teacht anall chuig do theach nuair a bhíonn do thuismitheoirí amuigh
- Má iarrtar ort barróg nó póg a thabhairt do dhuine agus níl tú ag iarraidh sin a dhéanamh

I mbeirteanna, déan rólímirt agus diúltaigh do na hiarratais seo.

I mbeirteanna, déan rólímirt agus glac leo (b'fhéidir le coinníollacha)

Breathnóireacht Mhachnamhach

I do ghrúpa de cheathrar, cuimhnígh ar na ceisteanna seo a leanas:

Cad é mar a bhí sé an rólímirt a dhéanamh? Cad a thug tú faoi d'aire?

Cé acu a bhí níos éasca agus cén fáth? Cé acu a bhí níos deacra agus cén fáth?

Nuair a deir duine éigin 'níor mhaith liom sin a dhéanamh', cad atá á rá/á dhéanamh aige nó aici a fhágann go dtógfaimid i ndáiríre é nó í?

An raibh sé mar an gcéanna nuair a ghlac tú leis an iarratas?

Timthriall na Foghlama ó Thaithí

Coincheapú Teibí

Iarr ar an scoláire na habairtí seo a chríochnú
Tá sé tábhachtach a bheith in ann Níor Mhaith Liom
a rá mar...

Tá sé tábhachtach a bheith in ann Ba Mhaith Liom
(uaireanta le coinníollacha) a rá mar...

Cad a chabhraíonn le daoine agus iad ag iarraidh
agus ag tabhairt toilithe?

Cad a chuireann bac ar dhaoine toiliú a iarraidh
agus a thabhairt?

Cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine óg maidir le
toiliú a thabhairt nó a dhiúltú i gcásanna an uile
lae?

Turgnamh Gníomhach

Am iontrála dialainne nó machnamh ciúin ar bhonn
aonair - Cá háit i do shaol anois a cheapann tú
a bhfuil sé tábhachtach toiliú a thabhairt nó a
dhiúltú? Cén rud amháin ar mhaith leat triail a
bhaint as a dhéanamh? An bhfuil rud éigin ann
ar mhaith leat éirí níos fearr aige? Cad é an chéad
chéim a bheadh agat?

Nó

I ngrúpaí beaga, pléigh an áit a dtagann ceist
an toilithe aníos ag daoine óga sa ghnáthshaol.
Aontaigh cé na cinn a ndéanfaidh tú iarracht a
bheith feasach fúthu sa tseachtain atá romhainn
agus aontaigh cad a d'fhéadfá iarracht a dhéanamh
agus a dhéanamh ar bhealach difriúil. Tóg am le
seiceáil isteach ag tús an chéad ranga eile.

Físeán: **8 things to know about the experiential
learning cycle** Youtube (8 nóiméad)

Tabhair faoi deara: Ba cheart go rachadh oideachas
toilithe thar iniúchadh a dhéanamh ar chásanna ina
dtarlaíonn an toiliú a iarraidh agus a thabhairt. Ba
cheart aghaidh a thabhairt freisin ar chastacht na
dtosca a imríonn tionchar ar chumas duine óig toiliú a
fheidhmiú, amhail féinfheasacht, féinmheas, scileanna
féinbhainistíochta, scileanna cinnteoireachta agus an
cumas aitheantas a thabhairt do mhianta agus do
theorainneacha an duine féin agus meas a léiriú ar
mhianta agus ar theorainneacha daoine eile. Féach
an rannán acmhainní den tacar uirlisí seo le haghaidh
moltaí maidir le conas an topaic seo a mhúineadh ag
leibhéal dhifriúla.

Topaicí ábhartha eile

An múinteoir mar éascaitheoir foghlama

Cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha in OSPS

Machnamh an scoláire in OSPS